

Is seiceáil cúlra é grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chomhlánaíonn an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin agus is cosaint thábhachtach é chun sábháilteacht agus leas leanaí agus daoine fásta leochaileacha a chosaint. Leagtar amach sa nóta treorach seo roinnt breithnithe cosanta sonraí d'eagraíochtaí a dhéanann grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus tugann sé léargas ar chuid de na cearta atá ag daoine ar a ndéanfar grinnfhiosrúchán. Tá nós imeachta grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána leagtha síos sna hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 ('na hAchtanna') agus tá sé á fheidhmiú ag an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin de chuid an Gharda Síochána.

An Próiseas Grinnfhiosrúcháin

Faoi na hAchtanna, ní mór grinnfhiosrú a dhéanamh ar aon duine a oibríonn le gníomhaíocht nó a dhéanann gníomhaíocht, arb éard atá i gcuid riachtanach agus rialta den obair sin rochtain a bheith acu ar leanaí nó ar dhaoine fásta leochaileacha nó teagmháil a dhéanamh leo.¹ Áirítear baill foirne, oibrithe deonacha agus iadsan ar shocrúchán mic léinn atá ag obair d'**eagraíocht ábhartha** air sin. Is éard is **eagraíocht ábhartha** ann eagraíocht a fhostaíonn nó a cheadaíonn do dhuine obair nó gníomhaíochtaí a dhéanamh, arb éard atá ann go príomha rochtain a bheith acu ar leanaí nó ar dhaoine leochaileacha nó teagmháil a dhéanamh leo.²

Chun críocha na nAchtanna, is éard is **leanbh** ann ná duine faoi 18 mbliana d'aois agus is éard is **duine fásta leochaileach** ann ná aon duine (seachas leanbh) atá ag fulaingt ó ghalar meabhrach nó néaltrú, nó atá faoi mhíchumas intleachtúil, nó atá ag fulaingt ó lagú fisiceach nó míchumas a fhágann go dteastaíonn cúnamh ón duine sin le haghaidh gníomhaíochtaí maireachtála laethúla nó a chuireann srian ar chumas an duine sin é féin a chosaint ar dhaoine eile.³

Ní dhéanfaidh an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin grinnfhiosrúcháin ach ar **eagraíochtaí ábhartha** atá cláraithe leo chun críocha grinnfhiosrúcháin. Nuair a bheidh siad cláraithe, caithfidh eagraíochtaí ábhartha **duine idirchaidrimh** a cheapadh. Déanann an duine idirchaidrimh iarratais grinnfhiosrúcháin chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin agus faigheann sé gach nochtadh grinnfhiosrúcháin. Le go ndéanfar

¹ Féach Cuid 1 agus Cuid 2 de Sceideal 1 d'Achtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 le haghaidh liosta iomlán d'obair nó de ghníomhaíochtaí a bhaineann le Leanaí nó Daoine Soghonta a éilíonn ar dhaoine aonair dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

² Le sainmhíniú iomlán a fháil, féach [Alt 2](#) d'Achtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016.

³ Le sainmhíniú iomlán a fháil, féach [Alt 2](#) d'Achtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016.

grinnfhiosrúcháin, ní mór do dhaoine aonair Foirm Iarratais grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus údarú i scríbhinn a thabhairt don Gharda Síochána chun gach ionchúiseamh, cibé acu rathúil nó nach bhfuil, ar feitheamh nó comhlánaithe agus/nó sonraí faoi gach ciontú, a taifeadadh sa Stát nó áit eile nó “faisnéis shonraithe” ina leith atá á dtaifeadadh ag an nGarda Síochána, a nochtadh don eagraíocht chláraithe.

Ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin

Nuair a chláraíonn eagraíocht ábhartha le haghaidh ríomh-ghrinnfhiosrúcháin, éilítear ar dhuine atá ag dul faoi ghrinnfhiosrú **cruthúnas aitheantais** a sholáthar don eagraíocht ábhartha nach mór a bhailíochtú sula gcríochnaítear an t-iarratas grinnfhiosrúcháin ar líne.

Faisnéis a fhéadfar a nochtadh mar chuid den phróiseas grinnfhiosrúcháin

Áiríteofar **sonraí faoi thaifead coiriúil an duine ar a bhfuil grinnfhiosrú á dhéanamh (más ann)** i nochtadh grinnfhiosrúcháin chuig eagraíocht ábhartha, lena n-áireofar taifead ar aon chiontuith, laistigh nó lasmuigh den stát, as aon chion coiriúil, chomh maith le sonraí faoi aon orduithe coimhdeacha nó iarmhartacha a rinneadh mar thoradh ar an gciontú. Áiríteofar aon ionchúisimh choiriúla atá ar feitheamh i gcoinne an duine cibé acu laistigh nó lasmuigh den stát sa taifead freisin.

Ní nochtfar ciontuith as mionchionta áirithe sa Chúirt Dúiche atá os cionn seacht mbliana d’aois, atá leagtha amach in [alt 14A de na hAchtanna](#). Ní bhaineann sé seo le cionta a shonraítear i [Sceideal 3 de na hAchtanna](#) agus i [Sceideal 1](#) den Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuith Spíonta agus Nochtadh Áirithe) 2016.

Féadfaidh sonraí maidir le “**faisnéis shonraithe**” a bheith san áireamh i nochtadh grinnfhiosrúcháin, is é sin faisnéis maidir le cinneadh nó líomhain díobhála a fuair an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ón nGarda Síochána nó Eagraíocht Sceidealta de bhun [alt 19 de na hAchtanna](#).⁴ Caithfidh creideamh bona fide a bheith mar thoradh ar an bhfaisnéis go bhfuil an duine ar a bhfuil grinnfhiosrú á dhéanamh ina bhagairt do leanaí nó do dhaoine leochaileacha.

Má aimsítear **faisnéis shonraithe**, cuirfear an duine ar a bhfuil grinnfhiosrú á dhéanamh ar an eolas agus cuirfear ar an eolas é faoi rún an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an fhaisnéis shonraithe a nochtadh. Tabharfar achoimre dóibh ar an bhfaisnéis ábhartha agus deis aighneacht i scríbhinn a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis shonraithe. Déanfar cinneadh ansin an nochtfar an fhaisnéis shonraithe. Ar chinneadh den sórt sin a dhéanamh, caithfear a chreidiúint go bhfuil an duine ar a bhfuil grinnfhiosrú á dhéanamh ina bhagairt do leanaí nó do dhaoine fásta

⁴ Le sainmhíniú iomlán a fháil, féach [Alt 2](#) d’Achtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016.

leochaileacha. Caithfidh an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin a bheith sásta freisin go bhfuil an nochtadh réasúnta, riachtanach agus comhréireach.⁵

Réiteach Díospóide

Glacann gach eagraíocht ábhartha páirt i nós imeachta um réiteach díospóide atá ann chun aghaidh a thabhairt ar aon chás ina ndéanann duine ar a bhfuil grinnfhiosrú á dhéanamh díospóid maidir leis na sonraí atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. Féadfaidh an duine ar a bhfuil grinnfhiosrú á dhéanamh an nós imeachta a chur i ngníomh trí bhunús a ndíospóide a chur in iúl i scríbhinn don oifigeach idirchaidrimh a fuair nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. Ansin cuireann an t-oifigeach idirchaidrimh an comhad iarratais iomlán ar ais chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin chun seiceálacha breise a dhéanamh.

Aois

Más gá grinnfhiosrú a dhéanamh ar iarrthóir faoi 18 mbliana d'aois, (e.g. cúrsa cúram leanaí a dhéanamh sa choláiste) iarrann an Garda Síochána cead ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir sula ndéanfar grinnfhiosrú ar an duine aonair.

Ath-ghrinnfhiosrúcháin

Féadfaidh eagraíochtaí ábhartha iarraidh ar dhaoine aonair dul faoi **ath-ghrinnfhiosrúcháin** nuair atá tréimhse oiriúnach ama caite. Tá sé seo á thuar sna hAchtanna freisin. Foráiltear le halt 20 go ndéanfar grinnfhiosrúcháin ar fhostaithe agus ar oibrithe deonacha eagraíochtaí sonraithe tar éis tréimhse áirithe. Mar sin féin, níor cuireadh tús leis an gcuid seo go fóill agus níl an tréimhse ama leagtha síos i rialacháin go fóill.⁶

Cinntíonn ath-ghrinnfhiosrúcháin nach ndéanann ach daoine atá cáilithe go cuí obair nó gníomhaíochtaí le leanaí nó le daoine fásta leochaileacha. Tá sé ag teacht leis an gceanglas maidir le cosaint sonraí go bhfuil sonraí pearsanta **cruinn agus cothrom le dáta**, go háirithe i gcásanna ina dtagann faisnéis nua chun solais a léiríonn baol láithreach substainteach do leanaí nó do dhaoine fásta leochaileacha.⁷

Sonraí pearsanta atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin a phróiseáil

Ní mór d'eagraíochtaí ábhartha a chinntiú go bhfuil siad ag próiseáil na sonraí pearsanta atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin de réir an dlí um chosaint sonraí, agus go

⁵ De bhun alt 18 de na hAchtanna, is féidir le duine atá á grinnfhiosrú achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh faisnéis shonraithe a nochtadh.

⁶ Tugann an Coimisiún um Cosaint Sonraí dá aire gur bunaíodh grúpa idir-rannach chun breathnú ar roinnt saincheisteanna maidir le grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána, lena n-áirítear ath-ghrinnfhiosrúcháin. Is é príomhfhócas an ghrúpa idir-rannach córas éigeantach ath-ghrinnfhiosrúcháin a thabhairt isteach gach trí bliana má tá an ról céanna á chomhlíonadh ag daoine aonair den chuid is mó. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh gá le grinnfhiosrúcháin níos luaithe ná trí bliana má tá athrú mór tagtha ar ról an duine aonair nó má tháinig faisnéis nua chun solais. Féach Preasráiteas na Roinne Dlí agus Cirt "Minister McEntee moves to reform vetting arrangements and legislation" an 26 Aibreán 2021 atá ar fáil anseo <https://www.gov.ie/en/press-release/c935f-minister-mcentee-moves-to-reform-vetting-arrangements-and-legislation/>

⁷ Airteagal 5(1)(d) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

háirithe le prionsabail chosanta sonraí. Tá cuid de na forálacha is ábhartha leagtha síos thíos.

Bunús dleathach chun sonraí pearsanta a bhaineann le nochtadh grinnfhiosrúcháin a phróiseáil

Ní mór do rialaitheoirí sonraí **bunús dleathach** a aithint faoi Airteagal 6 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí d'aon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann siad maidir leis an bpróiseas grinnfhiosrúcháin. Foráiltear le hAirteagal 6(1)(c) go bhfuil an phróiseáil dleathach *“nuair is gá chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh”*. (Ceanglaítear ar rialaitheoirí faoi na hAchtanna Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a dhéanamh ar dhaoine aonair atá ag obair le gníomhaíocht nó atá i mbun gníomhaíochta, arb éard atá i gcuid riachtanach agus rialta den obair sin rochtain a bheith acu ar leanaí nó ar dhaoine fásta leochaileacha nó teagmháil a dhéanamh leo).

Sa chás go bhfuil rialaitheoirí sonraí ag próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta, ní mór dóibh bunús dleathach a aithint faoi Airteagal 9 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach [nóta treorach](#) an Choimisiúin um Chosaint Sonraí maidir leis an mbonn dlíthiúil chun sonraí pearsanta a phróiseáil.

Déanfaidh rialaitheoirí sonraí a phróiseálann sonraí pearsanta i nochtadh grinnfhiosrúcháin **sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta** a chur san áireamh freisin.⁸ Áirítear leis seo:

- ☒ Sonraí pearsanta a bhaineann le ciontú coiriúil nó le cion,
- ☒ Cionta líomhnaithe/líomhaintí nár cruthaíodh; (lena n-áirítear faisnéis a d'fhéadfadh a bheith sonraithe),
- ☒ Aon imeachtaí i ndáil le cion líomhnaithe,
- ☒ Faisnéis a bhaineann le heaspa ciontuithe.

I gcásanna den sórt sin, ní féidir le rialaitheoirí sonraí sonraí maidir le cionta coiriúla a phróiseáil mura bhfuil an phróiseáil faoi rialú údaráis oifigiúil nó údaráithe faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoi dhlí Ballstáit. Foráiltear le halt 55(1)(b)(v) den Acht um Chosaint Sonraí 2018 go gceadaítear próiseáil ar shonraí cionta coiriúla nuair a údaraítear faoi dhlí an Stáit iad. San áireamh anseo bheadh Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána mar a bhíothas ag súil leis faoi na hAchtanna.

Ceanglaítear le [hAlt 55\(1\) den Acht um Chosaint Sonraí 2018](#) go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i leith ciontuithe coiriúla agus cionta faoi réir **“bearta oiriúnacha agus sonracha”** a ghlacadh chun cearta agus saoirsí bunúsacha an duine is ábhar do na sonraí a chosaint. In [Alt 36 den Acht um Chosaint Sonraí 2018](#) leagtar amach roinnt beart oiriúnach agus sonracha a fhéadfaidh rialaitheoir sonraí a dhéanamh chun cearta agus saoirsí bunúsacha an duine is ábhar do na sonraí a chosaint. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh eagraíochtaí ábhartha bearta oiriúnacha sainiúla a ghlacadh chun sonraí

⁸ Airteagal 10 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

pearsanta daoine aonair ar a bhfuil grinnfhiosrú á dhéanamh a chosaint. I measc roinnt beart ábhartha tá:

- ☑ Teorainneacha ar rochtain ar na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil in ionad oibre,
- ☑ Teorainneacha ama dochta chun sonraí agus meicníochtaí pearsanta a scriosadh chun a chinntiú go gcomhlíontar na teorainneacha ama sin,
- ☑ Oiliúint spriocdhírthe dóibhsean a bhfuil baint acu leis an bpróiseáil,
- ☑ Oifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh i gcás nach bhfuil sé éigeantach faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí,
- ☑ Meicníochtaí logála chun gur féidir a fhíorú go ndearnadh comhairliúchán agus/nó scriosadh na sonraí pearsanta, agus cé a rinne é.

Maidir le haon phróiseáil bhreise, is cion é d'eagraíocht ábhartha faisnéis atá laistigh de nochtadh grinnfhiosrúcháin a úsáid nó a nochtadh ar bhealach nach bhfuil tuartha ag na hAchtanna.⁹

Faisnéis a fhaigheann eagraíochtaí ábhartha a úsáid

Faoi phrionsabal na cosanta sonraí maidir le **teorannú cuspóra** atá leagtha síos in Airteagal 5(1)(b) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, ní féidir nochtadh grinnfhiosrúcháin a úsáid ach amháin chun na críche ar soláthraíodh iad d'eagraíocht agus **níor cheart nochtadh grinnfhiosrúcháin a roinnt** le haon eagraíocht eile. Is é an t-aon eisceacht air sin ná nuair a bhíonn comhaontú fostaíochta comhpháirteach ag eagraíochtaí ábhartha i scríbhinn de réir Alt 12(3A) de na hAchtanna.

Tugtar faoi deara freisin go gcaithfidh eagraíocht ábhartha, faoi na hAchtanna, nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil do gach duine a dhéanann obair nó gníomhaíochtaí ábhartha thar ceann na heagraíochta sin.¹⁰ Mar a luadh, is cion é freisin d'eagraíocht ábhartha faisnéis atá laistigh de nochtadh grinnfhiosrúcháin a úsáid nó a nochtadh ar bhealach nach bhfuil tuartha ag na hAchtanna.¹¹

Faisnéis grinnfhiosrúcháin a stóráil go sábháilte

De réir phrionsabal na **hiomláine agus na rúndachta** atá leagtha síos in Airteagal 5(1)(f) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, caithfear nochtadh grinnfhiosrúcháin a dhéanamh ar bhealach slán agus rochtain a bheith teoranta do phearsanra údaráithe riachtanach. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ós rud é go bhféadfadh catagóirí speisialta sonraí pearsanta agus/nó sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta a bheith sa nochtadh.

Faisnéis grinnfhiosrúcháin a choinneáil

⁹ Alt 16(3) de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016

¹⁰ Alt 12 de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016

¹¹ Alt 16(3) de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016

De réir phrionsabal an **teorannaithe stórais**,¹² **caithfear sonraí pearsanta a scriosadh nuair a bheidh an cuspóir a bhí á lorg acu imithe in éag**. Ba cheart nochtadh grinnfhiosrúcháin agus gach faisnéis a ghabhann leis ar nós doiciméadacht aitheantais a chuirtear isteach mar chuid den iarratas grinnfhiosrúcháin a scriosadh go rialta, amhail bliain tar éis iad a fháil,¹³ mura bhfuil cuspóir dleathach comhoiriúnach ag an eagraíocht ábhartha an fhaisnéis a choinneáil.¹⁴

D'fhonn comhlíonadh na hAchtanna a thaispeáint agus i gcás fiosruithe sa todhchaí maidir le nochtadh grinnfhiosrúcháin, is féidir uimhir thagartha agus dáta an nochtaithe a choinneáil ar chomhad a féidir a sheiceáil leis an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin.

Maidir le gach iarratas fostaíochta nár éirigh leis, níor cheart an nochtadh grinnfhiosrúcháin agus na sonraí pearsanta eile go léir a bhailítear sa phróiseas earcaíochta a choinneáil níos faide ná an tréimhse reachtúil inar féidir éileamh a eascroidh as an bpróiseas earcaíochta a thionscnamh. Ba cheart go gcuirfeadh rialaitheoirí sonraí na tréimhsí coinneála d'iarratais grinnfhiosrúcháin nó na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh a chur san áireamh ina bhfógraí cosanta sonraí.

Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

Ní mór do rialaitheoirí sonraí **measúnú tionchair ar chosaint sonraí** a dhéanamh maidir le haon chineál próiseála ar dóigh go mbeadh **riosca ard** ann do chearta agus do shaoirsí daoine aonair. Sa chás go bhfuil rialaitheoir sonraí ag próiseáil sonraí catagóirí speisialta ar mhórsála nó sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta, caithfear measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh. Sa chás go bhfuil rialaitheoir sonraí ag próiseáil sonraí catagóirí speisialta nó sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta ar scála mór, caithfear measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh.¹⁵ Fiú mura bhfuil rialaitheoir sonraí ag próiseáil na gcineálacha sonraí pearsanta seo ar scála mór, seans go mbeadh sé inmholta fós i gcásanna áirithe **measúnú tionchair ar chosaint sonraí** a dhéanamh agus nochtadh grinnfhiosrúcháin á phróiseáil. Le haghaidh tuilleadh eolais, maidir le cathain a theastaíonn **measúnú tionchair ar chosaint sonraí**, féach ár [nóta treorach](#).

Cearta an ábhair sonraí

Faoi na hAchtanna,¹⁶ soláthróidh an eagraíocht ábhartha cóip den nochtadh grinnfhiosrúcháin don iarratasóir i gcás ina bhfuil faisnéis faoi thaifead coiriúil nó faisnéis shonraithe ann. Ba cheart don eagraíocht ábhartha an fhaisnéis seo a sholáthar don iarratasóir a luaithe is féidir.

¹² Airteagal 5(1)(e) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

¹³ An Coimisinéir Cosanta Sonraí, Tuarascáil Bhliantúil 2017 Ich. 39

¹⁴ Féach an nóta treorach maidir le Boinn Dílíthiúla chun Sonraí Pearsanta a Phróiseáil chun tuilleadh eolais a fháil ar thuilleadh próiseála, atá ar fáil anseo <https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2020-04/Guidance%20on%20Legal%20Bases.pdf>.

¹⁵ Airteagal 35(3)(b)

¹⁶ Alt 16 na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016

Tá sé de cheart ag daoine aonair **iarratas duine ar a shonraí** a dhéanamh freisin chun cóip dá sonraí pearsanta a fháil ón eagraíocht ábhartha. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach ar ár dtreoir maidir le [hlarratais Rochtana ó Ábhair Sonraí](#). Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin, de bhun alt 4 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, gur cion é d'fhostóir é a cheangal ar fhostaí nó ar fhostaí ionchasach iarratas rochtana a dhéanamh a bhaineann lena fhostaíocht (iarratas duine ar a shonraí atá éigeantach).

I gcás ina ndéantar próiseáil chun críocha forfheidhmithe dlí (amhail coireacht a chosc nó a bhrath) níl feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus ina ionad sin clúdaíonn an 'Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí' na cásanna seo, a bhfuil na rialacha ina leith le fáil go príomha i gCuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 (a chuireann an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí i bhfeidhm i ndlí na hÉireann). Ba chóir a thabhairt faoi deara nach mbaineann an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí ach leis an nGarda Síochána, ní leis an eagraíocht atá ag lorg grinnfhiosrúcháin.

Más rud é go gcreideann an t-ábhar sonraí, tar éis nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda a fháil, go bhfuil cuid den fhaisnéis a gabhadh ann míchruinn, **tá sé de cheart acu a gcuid sonraí pearsanta a cheartú a iarraidh** faoin Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí, a bhaineann le hábhair fhíorais.¹⁷ Ba chóir an iarraidh seo a dhéanamh chuig an nGarda Síochána agus ní chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin. Má tá míchruinneas ann i sonraí ciontú coiriúil, mar shampla, is féidir leis an ábhar sonraí a iarraidh go gceartófar é sin. Tá sé sin sa bhreis ar na nósanna imeachta um réiteach díospóide agus achomhairc a bhfuiltear ag súil leo i bpróiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.

Mar sin féin, **níl an ceart seo iomlán** agus i gcásanna nach féidir a fháil amach an bhfuil na sonraí cruinn, nó i gcás ina n-éilítear na sonraí pearsanta mar fhianaise in imeachtaí os comhair cúirte nó binse nó i bhfoirm eile fiosrúcháin oifigiúil, is iad na Gardaí a theastaíonn chun próiseáil na sonraí a shrianadh agus ní cheartófar na sonraí.¹⁸ Féadfar an ceart a theorannú freisin má mheastar go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach chun:

- ☒ Nach gcuirfear bac ar fhiosrúchán, imscrúdú nó nós imeachta oifigiúil nó dlíthiúil;
- ☒ nach ndéanfar dochar do chionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla a fhorghníomhú;
- ☒ slándáil phoiblí a chosaint; nó
- ☒ cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.¹⁹

Tuilleadh Eolais

¹⁷ Alt 92 den Acht um Chosaint Sonraí 2018

¹⁸ Alt 92(9) den Acht um Chosaint Sonraí 2018

¹⁹ Alt 94(2) den Acht um Chosaint Sonraí 2018

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le hoibleagáidí cosanta sonraí fostóirí agus iad ag gníomhú mar rialaitheoirí sonraí, féach an chuid [‘D’Eagraíochtaí’](#) ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar na cearta cosanta sonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, féach an chuid [‘Do Chuid Sonraí’](#) ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

Chun eolas níos ginearálta a fháil faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, molaimid féachaint ar [láithreán gréasáin](#) an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin.